2026/1421

1.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1421 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meitheamh 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beansulfúrón, beinsivindéfhluipir, clóratolúrón, cleataidim, cioglocsaidim, ciamocsainil, dasaimeit, deiltemheitrin, déchlófop, feanasacuin, fluaipicilíd, himeacsasól, lambda-ciahalaitrin, MCPA, MCPB, meataildéad, meatsulfúrón-meitil, paclabútrasól agus teabúconasól

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Formheasadh na substaintí gníomhacha beansulfúrón, beinsivindéfhluipir, clóratolúrón, cleataidim, cioglocsaidim, ciamocsainil, dasaimeit, deiltemheitrin, déchlófop, feanasacuin, fluaipicilíd, himeacsasól, lambda-ciahalaitrin, MCPA, MCPB, meataildéad, meatsulfúrón-meitil, paclabútrasól agus teabúconasól mar shubstaintí gníomhacha lena n-úsáid i dtáirgí cosanta plandaí ar feadh tréimhse theoranta ama agus tá meastóireacht á déanamh faoi láthair ar na hiarratais ar a bhformheasanna a athnuachan de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(2) Le Treoir 2000/49/CE ([2]) ón gCoimisiún cuimsíodh meatsulfúrón-meitil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]) mar shubstaint ghníomhach go dtí an 30 Meitheamh 2011. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/139 ([4]) ón gCoimisiún, rinneadh athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí sin mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú go dtí an 31 Márta 2023 agus cuimsíodh í i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([5]). Cuireadh síneadh le formheas meatsulfúrón-meitile faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/324 ón gCoimisiún ([6]) go dtí an 31 Lúnasa 2026.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Treoir 2000/49/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 lena gcuimsítear substaint ghníomhach (meatsulfúrón-meitil) in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 197, 3.8.2000, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/49/oj).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/414/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/139 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2016 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí meatsulfúrón-meitil a athnuachan mar shubstaint atá le hionadú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 (IO L 27, 3.2.2016, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/139/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/324 ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, brómúconasól, búpróifisin, ciofluifeanaimíd, fluasanam, fluaipioram, flutolainil, lambda-ciahalaitrin, meiceapróp-P, meipiocuat, meatsulfúrón-meitil, fosfán agus pireaclóstróibin (IO L, 2024/324, 22.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/324/oj).

(3) Le Treoir 2000/80/CE ón gCoimisiún ([7]) cuimsíodh lambda-ciahalaitrin mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE go dtí an 31 Nollaig 2011. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/146 ([8]) ón gCoimisiún, rinneadh athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí sin mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú go dtí an 31 Márta 2023 agus cuimsíodh í i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas lambda-ciahalaitrine faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/324 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(4) Le Treoir 2003/5/CE ón gCoimisiún ([9]) cuimsíodh deiltemheitrin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2013 agus áiríodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh naoi n-uaire le formheas deiltemheitrine, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1757 ón gCoimisiún ([10]) go dtí an 15 Lúnasa 2026.

(5) Le Treoir 2005/53/CE ón gCoimisiún ([11]) cuimsíodh clóratolúrón in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 28 Feabhra 2016 agus áiríodh é ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas clóratolúróin ocht n-uaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1757 go dtí an 15 Lúnasa 2026.

(6) Le Treoir 2005/57/CE ón gCoimisiún ([12]) cuimsíodh MCPA agus MCPB in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaintí gníomhacha go dtí an 30 Aibreán 2016 agus áiríodh iad ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh ocht n-uaire le formheas MCPA agus MCPB, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1757 go dtí an 15 Lúnasa 2026.

(7) Le Treoir 2008/125/CE ón gCoimisiún ([13]) áiríodh ciamocsainil agus teabúconasól in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaintí gníomhacha go dtí an 31 Lúnasa 2019 agus cuimsíodh iad ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas ciamocsainile agus teabúconasóil ceithre huaire agus cúig huaire, faoi seach, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 ón gCoimisiún ([14]) go dtí an 15 Lúnasa 2026.

([7]) Treoir 2000/80/CE ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2000 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, chun an Iarscríbhinn sin a chomhdhlúthú agus chun substaint ghníomhach bhreise a áireamh (lambda-ciahalaitrin) (IO L 309, 9.12.2000, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/80/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/146 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2016 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí lambda-ciahalaitrin a athnuachan mar shubstaint atá le hionadú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 (IO L 30, 5.2.2016, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/146/oj).

([9]) Treoir 2003/5/CE ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2003 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun deiltemheitrin a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach (IO L 8, 14.1.2003, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/5/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1757 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beansulfúrón, clóirmeacuat, clóratolúrón, clómasón, daimínisíd, deiltemheitrin, eoigeanól, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, fluimeitrilin, foistiasáit, geréiniól, MCPA, MCPB, própacuiseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, o-nítrifeanóláit sóidiam, p-nítrifeanóláit sóidiam, fluairíd sulfairile, teabúifeinpiorad, tíomól agus tríteasulfúrón (IO L 224, 12.9.2023, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1757/oj).

([11]) Treoir 2005/53/CE ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2005 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun clóratailinil, clóratolúrón, cipirmeitrin, daimínisíd agus tiafanáit-meitil a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 241, 17.9.2005, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/53/oj).

([12]) Treoir 2005/57/CE ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2005 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun MCPA agus MCPB a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 246, 22.9.2005, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/57/oj).

([13]) Treoir 2008/125/CE ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun foisfíd alúmanaim, foisfíd chailciam, foisfíd mhaignéisiam, ciamocsainil, dóideamorf, eistear meitile 2,5-aigéid dhéchlóraibeansóch, meitimíotrón, sulcaitrí-ón, teabúconasól agus trí-aidhémheanól a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 344, 20.12.2008, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/125/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1446 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2023 lena leasaítear lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha eistear meitile 2,5-aigéid dhéchlóraibeansóch, aigéad aicéiteach, sulfáit amóiniam alúmanaim, foisfíd alúmanaim, sileacáit alúmanaim, cairbíd chailciam, ciamocsainil, dódamorf, eitiléin, úsc as crann tae, iarmhair ó dhriogadh saille, aigéid shailleacha C7 go C20, floiniocaimíd (IKI-220), aigéad gibriline, gibriliní, halasulfúrón-meitil, próitéiní hidrealaithe, sulfáit iarainn, foisfíd mhaignéisiam, maltaideistrin, meitimíotrón, olaí planda/ola clóibh, olaí planda/ola ráibe, olaí planda/ola cartlainne garraí, comhdhúile pireatraim, sulcaitrí-ón, teabúconasól agus úiré (IO L 178, 13.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1446/oj).

(8) Le Treoir 2009/11/CE ón gCoimisiún ([15]) áiríodh beansulfúrón in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019 agus cuimsíodh é ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas beansulfúróin trí huaire, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1757 go dtí an 15 Lúnasa 2026.

(9) Le Treoir 2010/15/AE ón gCoimisiún ([16]) áiríodh fluaipicilíd in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2020 agus áiríodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas fluaipicilíde faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 ón gCoimisiún ([17]) go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(10) Le Treoir 2011/4/AE ón gCoimisiún ([18]) áiríodh cioglocsaidim in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus cuimsíodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún. Cuireadh síneadh le formheas cioglocsaidime faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(11) Le Treoir 2011/5/AE ón gCoimisiún ([19]) áiríodh himeacsasól in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus cuimsíodh é ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas himeacsasóil faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(12) Le Treoir 2011/21/AE ón gCoimisiún ([20]) áiríodh cleataidim in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus cuimsíodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas cleataidime faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(13) Le Treoir Cur Chun Feidhme 2011/39/AE ón gCoimisiún ([21]) cuimsíodh feanasacuin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus áiríodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas feanasacuine faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

([15]) Treoir 2009/11/CE ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2009 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun beansulfúrón, sóidiam 2-meatocsai-5-nitrifeanóláite, ortai-nítrifeanóláit sóidiam, sóidiam p-nítrifeanóláite agus teabúifeinpiorad a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 48, 19.2.2009, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/11/oj).

([16]) Treoir 2010/15/AE ón gCoimisiún an 8 Márta 2010 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun fluaipicilíd a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach (IO L 58, 9.3.2010, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/15/oj).

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aclóinífein, aimeatochtraidin, beaflubútaimid, beintiavalacarb, boscailid, captan, cleataidim, cioglocsaidim, ciafluaimeitifein, dasaimeit, déchlófop, démheatomorf, eiteafón, feanasacuin, fluaipicilíd, fluocsastróibin, fluraclóradón, foilpéad, foirmeiteanáit, víreas polaihéadróise núicléach Helicoverpa armigera, himeacsasól, aigéad iondóiliolbútarach, mandaprópaimid, meatalacsail, meataildéad, meatam, meatasaclór, meitríbhúisin, milbimeictin, paclabútrasól, peanocsulam, feinmeideafam, pirimeafos-meitil, própamacarb, prócuineaisid, próitiaconasól, S-meitileaclór, víreas polaihéadróise núicléach Spodoptera littoralis, Trichoderma asperellum tréithchineál T34 agus Trichoderma atroviride tréithchineál I-1237 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 160, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/918/oj).

([18]) Treoir 2011/4/AE ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun cioglocsaidim a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE (IO L 18, 21.1.2011, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/4/oj).

([19]) Treoir 2011/5/AE ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun himeacsasól a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE (IO L 18, 21.1.2011, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/5/oj).

([20]) Treoir 2011/21/AE ón gCoimisiún an 2 Márta 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun cleataidim a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE, (IO L 58, 3.3.2011, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/21/oj).

([21]) Treoir Cur Chun Feidhme 2011/39/AE ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun feanasacuin a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE ón gCoimisiún (IO L 97, 12.4.2011, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2011/39/oj).

(14) Le Treoir Cur Chun Feidhme 2011/45/AE ón gCoimisiún [22] áiríodh déchlófop in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus cuimsíodh é ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas déchlófop faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(15) Le Treoir Cur Chun Feidhme 2011/53/AE ón gCoimisiún [23] áiríodh dasaimeit in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus cuimsíodh í ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas dasaimeit faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(16) Le Treoir Cur Chun Feidhme 2011/54/AE ón gCoimisiún [24] áiríodh meataildéad in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus cuimsíodh é ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas meataildéid faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(17) Le Treoir Cur Chun Feidhme 2011/55/AE ón gCoimisiún [25] áiríodh paclabútrasól in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE mar shubstaint ghníomhach go dtí an 31 Bealtaine 2021 agus cuimsíodh é ina dhiaidh sin i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas paclabútrasóil faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/918 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

(18) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/177 ón gCoimisiún [26] formheasadh an tsubstaint ghníomhach beinsivindéfhluipir mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú go dtí an 2 Márta 2023 agus cuimsíodh í i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011. Cuireadh síneadh le formheas beinsivindéfhluipire faoi dhó, an uair is déanaí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/324 go dtí an 2 Lúnasa 2026.

(19) Ós rud é gur dócha go rachaidh formheasanna na substaintí gníomhacha sin in éag sula ndéanfar cinntí maidir lena n-athnuachan mar chuid de na nósanna imeachta athnuachana atá ar siúl faoi láthair, d'fhiosraigh an Coimisiún leis na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann agus leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an 'tÚdarás') na cúiseanna leis na moilleanna ar nósanna imeachta athnuachana na substaintí gníomhacha sin. D'fhiosraigh an Coimisiún freisin cathain a d'fhéadfaí coinne a bheith leis go dtabharfaí na dréacht-tuarascálacha maidir le measúnú ar athnuachan ó na Ballstáit is rapóirtéirí nó conclúidí an Údaráis chun críche.

(20) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil tráth a ghlactar an Rialachán seo, lena n-áirítear an fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit is rapóirtéirí agus ag an Údarás, measann an Coimisiún nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí ar na cúiseanna atá leis na moilleanna i ngach ceann de na nósanna imeachta athnuachana sin.

(21) Dá bhrí sin, agus cineál sealadach agus eisceachtúil an tsásra chun síneadh a chur leis na formheasanna á chur san áireamh, ba cheart síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin ar feadh na tréimhse a mheastar a bheith riachtanach, i ngach cás sonrach agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil tráth a ghlactar an Rialachán seo, chun bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta ábhartha maidir leis na formheasanna a athnuachan. Ós rud é go bhfuil an measúnú cás ar chás ar an am is gá chun gach nós imeachta athnuachana a chur i gcrích bunaithe ar mheastacháin ag tráth áirithe, ba cheart an leibhéal éiginnteachta sin a chur san áireamh.

([22]) Treoir Cur Chun Feidhme 2011/45/AE ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun déchlófop a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE ón gCoimisiún (IO L 100, 14.4.2011, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2011/45/oj).

([23]) Treoir Cur Chun Feidhme 2011/53/AE ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun dasaimeit a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE ón gCoimisiún (IO L 105, 21.4.2011, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2011/53/oj).

([24]) Treoir Cur Chun Feidhme 2011/54/AE ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun meataildéad a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE ón gCoimisiún (IO L 105, 21.4.2011, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2011/54/oj).

([25]) Treoir Cur Chun Feidhme 2011/55/AE ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2011 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun paclabútrasól a chuimsiú mar shubstaint ghníomhach agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE ón gCoimisiún (IO L 106, 27.4.2011, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2011/55/oj).

([26]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/177 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2016 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach prósulfúrón, mar shubstaint atá le hionadú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 (IO L 35, 11.2.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/177/oj).

(22) Cuireadh isteach na hiarratais ar fhormheas na substaintí gníomhacha beansulfúrón, beinsivindéfhluipir, clóratolúrón, cleataidim, cioglocsaidim, ciamocsainil, dasaimeit, deiltemheitrin, déchlófop, feanasacuin, fluaipicilíd, himeacsasól, lambda-ciahalaitrin, MCPA, MCPB, meataildéad, meatsulfúrón-meitil, paclabútrasól agus teabúconasól a athnuachan agus tá meastóireacht á déanamh orthu i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([27]).

(23) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí beansulfúrón a athnuachan an 27 Deireadh Fómhair 2016 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 28 Samhain 2017 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 30 Lúnasa 2022, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne comhairliúchán poiblí fúithi idir an 27 Meán Fómhair agus an 26 Samhain 2022. An 21 Márta 2023 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 21 Aibreán 2023 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 28 Lúnasa 2024, ghlac an tÚdarás a chonclúid agus chuir sé in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún í. Thionscain an Coimisiún plé maidir le formheas na substainte gníomhaí beansulfúrón a athnuachan sa Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha trí Chonclúid EFSA a chur i láthair. Chun an próiseas cinnteoireachta rialála a éascú agus chun roinnt de na héiginnteachtaí atá fós ann a shoiléiriú, chuir an Coimisiún iarraidh faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir an 30 Márta 2026 chun athmheastóireacht a dhéanamh ar chuid den fhaisnéis atá ar fáil sa sainchomhad athnuachana agus chun an tuarascáil nuashonraithe maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Choimisiúin, an Údaráis agus na mBallstát faoin 10 Meitheamh 2026. Ina dhiaidh sin, tabharfar sainordú don Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil nuashonraithe maidir le measúnú ar athnuachan agus, más gá, a Chonclúid a thabhairt cothrom le dáta. Ós rud é go mbeidh gá le ham breise chun tuairim ón mBuanchoiste a thabhairt agus chun go nglacfaidh an Coimisiún an cinneadh maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 15 mhí, go dtí an 15 Samhain 2027.

(24) Cuireadh an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí beinsivindéfhluipir isteach an 17 Feabhra 2020 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 31 Iúil 2020 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. Níor thug an Ballstát is rapóirtéir chun críche an measúnú riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Údaráis sa dara ráithe de 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 2 Eanáir 2029.

(25) Cuireadh an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí clóratolúrón a athnuachan isteach an 26 Feabhra 2013 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 9 Aibreán 2013 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 6 Meitheamh 2019, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne comhairliúchán poiblí fúithi idir an 12 Deireadh Fómhair agus an 11 Nollaig 2021. An 8 Lúnasa 2022, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 8 Meán Fómhair 2022 laistigh den

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/844/oj).

sprioc-am a tugadh. An 17 Meitheamh 2024 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise, de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún ([28]), atá le cur isteach ag an iarratasóir faoin 18 Nollaig 2026 agus tá an tíolacadh ar feitheamh. Ós rud é go measann an tÚdarás go mbeidh 120 lá ag teastáil uaidh tar éis dó an dréacht-tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan a fháil chun an mheastóireacht a chur i gcrích agus chun a chonclúid maidir le clóratolúrón a thabhairt chun críche, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 22 mhí agus 15 lá, go dtí an 30 Meitheamh 2028.

(26) Cuireadh an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí cleataidim a athnuachan isteach an 25 Bealtaine 2018 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 20 Meitheamh 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 28 Márta 2023, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne comhairliúchán poiblí fúithi idir an 11 Nollaig 2023 agus an 9 Feabhra 2024. An 7 Bealtaine 2024, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 7 Meitheamh 2024 laistigh den sprioc-am a tugadh. Tá coinne ag an Údarás leis go gcuirfidh sé an mheastóireacht i gcrích agus go dtabharfaidh sé a chonclúid maidir le cleataidim chun críche faoin 30 Meitheamh 2026, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 15 mhí agus 15 lá, go dtí an 15 Nollaig 2027.

(27) Cuireadh an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí cioglocsaidim a athnuachan isteach an 24 Bealtaine 2018 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 15 Meitheamh 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. Níl an measúnú riosca tugtha chun críche ag an mBallstát is rapóirtéir de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus measann sé go gcuirfidh sé an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis i mí an Mheithimh 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 31 Eanáir 2029.

(28) Cuireadh isteach trí iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí ciamocsainil a athnuachan an 26 Lúnasa 2016 (dhá iarratas) agus an 30 Lúnasa 2016 faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 3 Deireadh Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 28 Feabhra 2020, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. An 6 Aibreán 2021, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir na hiarratasóirí an fhaisnéis sin isteach an 4-5 Bealtaine 2021 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 14 Nollaig 2021, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605, de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun

([28]) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 trí chritéir eolaíocha a leagan amach maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/605/oj).

Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir na hiarratasóirí an fhaisnéis sin isteach an 12 Meitheamh 2024 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 10 Meán Fómhair 2024, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne comhairliúchán poiblí fúithi idir an 20 Nollaig 2024 agus an 18 Feabhra 2025. Tá coinne ag an Údarás leis go gcuirfidh sé an mheastóireacht i gcrích agus go gcuirfidh sé chun críche a chonclúid maidir le ciamocsainil faoin 31 Bealtaine 2026, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 15 mhí agus 15 lá, go dtí an 30 Samhain 2027.

(29) Cuireadh an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí dasaimeit a athnuachan isteach an 28 Bealtaine 2018 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 5 Samhain 2020 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. Níor thug an Ballstát is rapóirtéir chun críche an measúnú riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Údaráis i mí an Mheithimh 2027. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 39 mí, go dtí an 30 Samhain 2029.

(30) Cuireadh cúig iarratas isteach ar fhormheas na substainte gníomhaí deiltemheitrin a athnuachan an 18 Deireadh Fómhair 2013, an 24 Deireadh Fómhair 2013, an 26 Deireadh Fómhair 2013 agus an 28 Deireadh Fómhair 2013 (dhá iarratas), faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 25 Samhain 2013 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 19 Feabhra 2018, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. An 21 Nollaig 2018, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 19-21 Eanáir 2019 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 28 Lúnasa 2023, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605, de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir an t-iarratasóir an fhaisnéis sin isteach an 4 Márta 2026 laistigh den sprioc-am a tugadh. Ós rud é go measann an tÚdarás go mbeidh 120 lá ag teastáil uaidh tar éis dó an dréacht-tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan a fháil chun an mheastóireacht a chur i gcrích agus chun a chonclúid maidir le deiltemheitrin a thabhairt chun críche, agus ós rud é go mbeidh am ag teastáil ón gCoimisiún chun na cinntí maidir le bainistiú riosca ina dhiaidh sin a ghlacadh, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 22 mhí agus 15 lá, go dtí an 30 Meitheamh 2028.

(31) Cuireadh isteach dhá iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí déchlófop a athnuachan, an 21 Bealtaine 2018, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 17 Iúil 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a n-iomláine agus ar a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 6 Bealtaine 2025, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a d'iarr go ndéanfaí athbhreithnithe sa tuarascáil. Tá tíolacadh na dréacht-tuarascála athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan ag an mBallstát is rapóirtéir chuig an Údarás ar feitheamh. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 31 Eanáir 2029.

(32) Cuireadh an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí feanasacuin a athnuachan isteach an 30 Bealtaine 2018 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 13 Iúil 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 19 Meán Fómhair 2024, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne

comhairliúchán poiblí fúithi idir an 14 Iúil agus an 13 Meán Fómhair 2025. Measann an Ballstát is rapóirtéir go mbeidh sé in ann tábla tuairiscithe críochnaithe na mbarúlacha comhthiomsaithe ón gcomhairliúchán poiblí a chur faoi bhráid an Údaráis faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 23 mhí agus 15 lá, go dtí an 15 Lúnasa 2028.

(33) Cuireadh an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí fluaipicilíd a athnuachan isteach an 24 Bealtaine 2017 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 15 Meitheamh 2017 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 27 Bealtaine 2025, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a d'iarr go ndéanfaí athbhreithnithe. An 22 Aibreán 2026, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 31 Eanáir 2029.

(34) Cuireadh an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí himeacsasól a athnuachan isteach an 23 Bealtaine 2018 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 21 Meitheamh 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 29 Aibreán 2026, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 31 Eanáir 2029.

(35) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí lambda-ciahalaitrin a athnuachan an 31 Márta 2020 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 29 Aibreán 2020 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 31 Iúil 2025, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a d'iarr an 24 Samhain 2025 go ndéanfaí athbhreithnithe sa tuarascáil. Tá tíolacadh na dréacht-tuarascála athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan ag an mBallstát is rapóirtéir ar feitheamh. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 31 Eanáir 2029.

(36) Cuireadh isteach dhá iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí MCPA a athnuachan an 21 agus an 24 Aibreán 2013, faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 29 Bealtaine 2013 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 24 Márta 2022, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne comhairliúchán poiblí fúithi idir an 24 Bealtaine agus an 23 Iúil 2022. An 16 Eanáir 2023 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir na hiarratasóirí an fhaisnéis sin isteach i mí Feabhra 2023 laistigh den sprioc-am a tugadh. Tá tíolacadh na dréacht-tuarascála athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan ag an mBallstát is rapóirtéir tar éis chruinnithe na saineolaithe a tionóladh i mí na Samhna-mí na Nollag 2025 ar feitheamh. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 23 mhí agus 15 lá, go dtí an 31 Iúil 2028.

(37) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí MCPB a athnuachan an 27 Márta 2013 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 5 Lúnasa 2013 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé

inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 17 Márta 2022, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a rinne comhairliúchán poiblí fúithi idir an 5 Bealtaine agus an 4 Iúil 2022. An 16 Eanáir 2023 d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise chun críocha an mheasúnaithe ar athnuachan de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus chuir na hiarratasóirí an fhaisnéis sin isteach i mí Feabhra 2023 laistigh den sprioc-am a tugadh. Tá tíolacadh na dréacht-tuarascála athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan ag an mBallstát is rapóirtéir tar éis chruinnithe na saineolaithe a tionóladh i mí na Samhna-mí na Nollag 2025 ar feitheamh. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 23 mhí agus 15 lá, go dtí an 31 Iúil 2028.

(38) Cuireadh isteach trí iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí meataildéad a athnuachan, iad uile an 29 Bealtaine 2018, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 5 Meán Fómhair 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 4 Iúil 2024, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Measann an Ballstát is rapóirtéir agus an tÚdarás go gcuirfear tús leis an gcomhairliúchán poiblí faoin dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i mí na Bealtaine 2026. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 25 mhí agus 15 lá, go dtí an 15 Deireadh Fómhair 2028.

(39) Cuireadh isteach an t-iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí meatsulfúrón-meitil a athnuachan an 25 Márta 2020 agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 16 Deireadh Fómhair 2023 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht an iarratais de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a iomláine agus a thráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh sé inghlactha. Tá an t-iarratas curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. Níor thug an Ballstát is rapóirtéir chun críche an measúnú riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 agus measann sé go mbeidh sé in ann an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan a chur faoi bhráid an Údaráis i mí Feabhra 2027. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 35 mhí, go dtí an 31 Iúil 2029.

(40) Cuireadh isteach dhá iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí paclabútrasól a athnuachan, an 29 Bealtaine 2018, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 26 Meitheamh 2018 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 21 Bealtaine 2025, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis, a d'iarr go ndéanfaí athbhreithnithe sa tuarascáil. An 12 Feabhra 2026, chuir an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 29 mí, go dtí an 31 Eanáir 2029.

(41) Cuireadh isteach dhá iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí teabúconasól a athnuachan an 24 agus an 29 Lúnasa 2016, faoi seach, agus chuir an Ballstát is rapóirtéir an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas an 27 Meán Fómhair 2016 go raibh measúnú déanta aige ar inghlacthacht na n-iarratas de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, agus go háirithe ar a n-iomláine agus a dtráthúlacht, agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Tá na hiarratais curtha ar fáil go poiblí ag an Údarás. An 8 Aibreán 2019, chuir an Ballstát bunaidh is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis. An 3 Aibreán 2020, d'iarr an rapóirtéir nuacheaptha faisnéis bhreise chun measúnú a dhéanamh ar na critéir formheasa maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605, a chuir na hiarratasóirí isteach i mí na Bealtaine 2020 laistigh den sprioc-am a tugadh. An 19 Samhain 2021, chuir an Ballstát is rapóirtéir

an dréacht-tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Údaráis an athuair. Rinne an tÚdarás comhairliúchán poiblí fúithi idir an 27 Feabhra agus an 28 Aibreán 2025. Tá tíolacadh an tábla tuairiscithe chríochnaithe de na barúlacha comhthiomsaithe ón gcomhairliúchán poiblí ag an mBallstát is rapóirtéir ar feitheamh. Ós rud é go bhfuil gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chur i gcrích, ba cheart fad an tsínidh ar an tréimhse formheasa a shocrú ag 23 mhí agus 15 lá, go dtí an 31 Iúil 2028.

(42) Maidir leis na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, cioglocsaidim, dasaimeit, déchlófop, feanasacuin, fluaipicilíd, himeacsasól, lambda-ciahalaitrin, MCPA, MCPB, meataildéad, meatsulfúrón-meitil, paclabútrasól agus teabúconasól, féadfaidh an tÚdarás, i gcomhairle leis na Ballstáit, faisnéis bhreise a iarraidh fós ar na hiarratasóirí de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Ní chuimsítear sna tréimhsí sínidh atá beartaithe le haghaidh na substaintí gníomhacha sin aon am breise a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun an fhaisnéis sin a sholáthar agus chun meastóireacht a dhéanamh uirthi.

(43) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(44) I gcás ina nglacann an Coimisiún Rialachán lena bhforáiltear nach ndéantar formheas substainte gníomhaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan, ba cheart don Choimisiún an dáta éaga le haghaidh fhormheas na substainte gníomhaí a shocrú dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó an dáta céanna a bhí ann roimh ghlacadh an Rialacháin seo, cibé dáta acu sin is déanaí. I gcás ina nglacann an Coimisiún Rialachán lena ndéantar foráil maidir le hathnuachan a dhéanamh ar fhormheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún, de réir mar is iomchuí sna himthosca, an dáta cur i bhfeidhm is luaithe is féidir a leagan síos.

(45) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011 mar a leanas:

1. Leasaítear Cuid A mar a leanas:
   (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 40, Deiltemheitrin, cuirtear ‘30 Meitheamh 2028’ in ionad an dáta;
   (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 102, Clóratolúrón, cuirtear ‘30 Meitheamh 2028’ in ionad an dáta;
   (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 107, MCPA, cuirtear ‘31 Iúil 2028’ in ionad an dáta;
   (4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 108, MCPB, cuirtear “31 Iúil 2028” in ionad an dáta;
   (5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 263, Ciamocsainil, cuirtear ‘30 Samhain 2027’ in ionad an dáta;
   (6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 268, Teabúconasól, cuirtear ‘31 Iúil 2028’ in ionad an dáta;
   (7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 271, Beansulfúrón, cuirtear ‘15 Samhain 2027’ in ionad an dáta;
   (8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 297, Fluaipicilíd, cuirtear ‘31 Eanáir 2029’ in ionad an dáta;
   (9) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 316, Cioglocsaidim, cuirtear ‘31 Eanáir 2029’ in ionad an dáta;
   (10) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 322, Himeacsasól, cuirtear ‘31 Eanáir 2029’ in ionad an dáta;
   (11) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 329, Cleataidim, cuirtear ‘15 Nollaig 2027’ in ionad an dáta;
   (12) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 339, Dasaimeit, cuirtear ‘30 Samhain 2029’ in ionad an dáta;
   (13) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 340, Meataildéad, cuirtear ‘15 Deireadh Fómhair 2028’ in ionad an dáta;
   (14) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 342, Feanasacuin, cuirtear ‘15 Lúnasa 2028’ in ionad an dáta;
   (15) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 344, Déchlófop, cuirtear ‘31 Eanáir 2029’ in ionad an dáta;
   (16) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 348, Paclabútrasól, cuirtear ‘31 Eanáir 2029’ in ionad an dáta.
2. leasaítear Cuid E mar a leanas:
   (1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 3, Meatsulfúrón-meitil, cuirtear ‘31 Iúil 2029’ in ionad an dáta;
   (2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 4, Beinsivindéfhluipir, cuirtear ‘2 Eanáir 2029’ in ionad an dáta;
   (3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 5, Lambda-Ciahalaitrin, cuirtear ‘31 Eanáir 2029’ in ionad an dáta.